**Inniu beidh muid ag foghlaim cúig fhíric iontacha faoi Thornádónna!**

**Fíric a hAon**

Gach seans gur déanach sa tráthnóna a tharlóidh tornádónna.
Gach seans gur idir a 3 agus a 9 tráthnóna a tharlóidh siad. Tá sé sin fíor de bhrí go dtarlaíonn tornádónna nuair a bhuaileann aer fuar le haer te i rith stoirmeacha toirní.
Bíonn an t-aer níos teo sa tráthnóna rud a chiallaíonn go dtarlaíonn tornádónna níos éasca.

**Fíric a Dó**

Uaireanta tugtar castóirí ar thornádónna de bhrí go mbíonn siad ag casadh thart ag luas an-ard. Nuair a bhuaileann aer te agus aer fuar le chéile bíonn gaotha ag séideadh go tapa.
D'fhéadfadh na gaotha a bhíonn ag séideadh mar thoradh ar thornádónna a bheith ag séideadh ag suas le 300 míle san uair - sin níos tapa ná na carranna rásaíochta is tapa ar domhan.
Bíonn na gaotha sin ag séideadh chomh tapa sin go bhféadfaidís na díonta a bhaint de thithe agus carranna a iompar.
Bíonn roinnt tornádónna sách láidir fiú chun tithe a iompar agus chun iad a leagan síos arís in áiteanna eile i bhfad ó bhaile.

**Fíric a Trí**

Ní hionann iad agus hairicíní a mhaireann i bhfad, ní mhaireann tornádónna ach achar gairid. Maireann siad i gcomhair 10 nóiméad de ghnáth agus is cuid de stoirm thoirní níos mó iad.
Uaireanta ní mhaireann siad ach cúpla soicind agus uaireanta maireann siad uair an chloig.
Cé nach maireann siad i bhfad, d'fhéadfaidís taisteal thart ar 3 mhíle go leith.

**Fíric a Ceathair**

Seans maith go bhfuil grianghraif de thornádónna feicthe agaibh a bhfuil dath donn orthu nó atá cosúil le scamaill a bhfuil cruth cóin orthu. Is tornádónna iad sin ar fad ach nuair a fhorbraítear tornádónna ar dtús ní féidir linn iad a fheiceáil.
Níl iontu ach aer a bhíonn ag casadh nach féidir linn a fheiceáil ach nuair a bhuaileann siad an talamh bailíonn siad deannach, nó dusta, salachar agus rudaí éagsúla. Is é an smionagar sin is cúis leis an dath donn.
Ach, conas a bheidh a fhios againn an bhfuil tornádó ag tosú mura féidir linn é a fheiceáil?
B'fhéidir go mbeadh dath glas ar na scamaill sa spéir, d'fhéadfadh scamall deannaigh, nó scamall dusta, a bheith le feiceáil de bhrí go bhfuil an t-aer ag gluaiseacht os a chionn, nó seans go gcloisfidh sibh é. Déanann tornádónna go leor torainn cosúil le traein ag dul tharainn mar gheall ar na gaotha láidre.

**Fíric a Cúig**

Ní ar thalamh amháin a tharlaíonn tornádónna. Tarlaíonn siad san fharraige freisin agus d'fhéadfaidís damáiste a dhéanamh do bháid agus don chósta má bhíonn siad róghar dóibh. Nuair a fhorbraítear san aigéan iad, cuaifigh uisce a thugtar orthu.

Tá mairnéalaigh ag breathnú ar chuaifigh uisce le blianta fada agus tá siad le feiceáil i líníochtaí stairiúla. Shíl roinnt mairnéalach, san 18ú agus sa 19ú haois, go bhféadfaí stop a chur leis trí urchar a scaoileadh isteach sa chuaifeach uisce.

Tá a fhios againn anois gur fearr fanacht i bhfad uathu.

Tá súil agam gur bhain sibh taitneamh as an gcúig fhíric iontacha sin faoi thornádónna, feicfidh mé arís sibh!

